


An Siúinéir



Siúinéir is ea Páid Ó Riain. Chuir sé **seilfeanna** sa chistin do Mhamáí. Ghearr sé an t-adhmad le **sábh**. Bhuail sé na **tairní** le **casúr**. **Chuimil sé plána** den adhmad ansin. Bhí an t-adhmad go deas **mín** ansin. Chuir sé péint ar na seilfeanna. Thaitin na seilfeanna le Mhamáí. Chuir sí na gréithe orthu.

Foclóir:

siúinéir, carpenter
sábh, saw
tairní, nails
casúr, hammer
adhmad, wood

plána, plane
chuimil sé, he rubbed
mín, smooth
gréithe, delf

A. Líon isteach na bearnaí:

si—inéir, ca—úr, tai—ní, chui—il sé, sei—feanna, thai—in,
g—éithe, ort—u.

B. Líon isteach na bearnaí:

1. Chuir sé — sa chistin do Mhamáí.
2. Bhuail sé na tairní le —.
3. Chuimil sé — den adhmad ansin.
4. Chuir sé — ar na seilfeanna.

C. Déan abairtí díobh seo:

1. seilfeanna, do Mhamáí, chuir sé, sa chistin.
2. go deas, an t-adhmad, mín, bhí.
3. le Mhamáí, na seilfeanna, thaitin.
4. orthu, sí, gréithe, chuir, na.

D. Freagair na ceisteanna:

1. Cad is ainm don siúinéir?
2. Cad a chuir sé sa chistin?
3. Céard a bhuail sé le casúr?
4. Conas a ghearr sé an t-adhmad?
5. Cár chuir sé an péint?
6. Cad a chuir Mhamáí ar na seilfeanna?

Gramadach 21

(i) Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Siúinéir is ea Páid Ó Riain.

1. Buachaill — — Tomás.
2. Feirmeoir — — Liam.
3. Cailín — — Máire.
4. Múinteoir — — Úna.

(ii) Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Chuimil sé plána den adhmad.

1. Bhí mo bhróga salach. — — scuab de mo bhróga.
2. Bhí m'aghaidh salach. — — uisce de m'aghaidh.
3. Bhí do bhróga salach. — — scuab de do bhróga.